**An Roinn Oideachais agus Scileanna**

# Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge
# TUAIRISC

## Coláiste Chraobh Abhann,
## Cill Chomhghaill, Contae Chill Mhantáin.
## Uimhir Rolla: 76076M

**Dáta na cigireachta: 26 Samhain 2009**

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

# TUAIRISC
# AR
# CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

## TUAIRISC CHIGIREACHT ÁBHAIR

Scríobhadh an tuairisc seo tar éis cigireacht ábhair i gColáiste Chraobh Abhann, Co. Chill Mhantáin. Leagann sé amach tátail na meastóireachta maidir le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Ghaeilge agus déanann moltaí d'fhorbairt theagasc an ábhair seo sa scoil. Rinneadh an mheastóireacht thar lá amháin inar thug an cigire cuairt ar sheomraí ranga agus inar breathnaíodh an teagasc agus an fhoghlaim. Bhí caidreamh ag an gcigire leis na scoláirí agus leis na múinteoirí, scrúdaíodh obair na scoláirí agus rinneadh plé leis na múinteoirí. D'athbhreithnigh an cigire doiciméid phleanála na scoile agus ullmhúchán scríofa na múinteoirí. Tar éis na cuairte meastóireachta, thug an cigire aiseolas ó bhéal ar thorthaí na meastóireachta don phríomhoide agus don phríomhoide tánaisteach. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

### SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

Eagraítear na scoláirí sa chéad bhliain laistigh de dhá bhanda. Bíonn dhá rang i ngach ceann den dá bhanda. Bíonn rang amháin ardleibhéil Gaeilge sa dá bhanda agus is ranganna ilchumais mheasctha Gaeilge iad an dá rang eile. Leanann an socrú céanna sa dara agus sa tríú bliain. Tá an Idirbhliain roghnach sa scoil agus go hiondúil, bíonn dhá rang ag tabhairt faoin chlár sin. Ranganna ilchumais mheasctha a bhíonn ann don bhliain sin, cleachtas a thagann le fealsúnacht na hIdirbhliana. Sa chúigiú agus sa séú bliain, bíonn rang amháin ardleibhéil, rang gnáthleibhéil, rang measctha idir gnáthleibhéal agus bonnleibhéal agus rang amháin bonnleibhéal.

Tá an soláthar don Ghaeilge ar thráthchlár na scoile sásúil go maith ar an iomlán le ceithre thréimhse sa tseachtain don chéad bhliain agus don dara agus tríú bliain gnáthleibhéal. Bíonn cúig thréimhse sa tseachtain ag na ranganna a bhíonn ag tabhairt faoin ardleibhéal sa dara agus sa tríú bliain. Tá an soláthar don Ghaeilge sásúil sa chúigiú agus sa séú bliain le cúig thréimhse sa tseachtain. Ní bhíonn ach trí thréimhse sa tseachtain ar fáil, áfach, do na ranganna san Idirbhliain. Moltar do bhainistíocht na scoile athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar sin. Tá sé deacair clár leanúnach spéisiúil agus tairbheach a chur ar fáil thar thrí thréimhse sa tseachtain.

Cúigear múinteoir atá i mbun mhúineadh na Gaeilge sa scoil. Tá na cáilíochtaí cuí acu go léir agus blianta taithí ag a bhformhór acu i múineadh an ábhair. Déantar na ranganna agus na leibhéil éagsúla a mhalartú idir na múinteoirí go léir, ag tógaint cúrsaí leanúnachais sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach san áireamh. Is deachleachtas é seo, toisc go dtugann sé seans do na múinteoirí go léir taithí a fháil ar na leibhéil agus ar na haoisghrúpaí éagsúla a mhúineadh.

Tá díolúine ón staidéar ar an nGaeilge ag nócha haon scoláire as an gcúig chéad ochtó haon scoláire atá sa scoil ina hiomláine. Deacrachtaí foghlama is cúis le seasca haon díolúine, scoláirí a fuair a gcuid bunoideachais thar lear go dtí aois a haon déag is cúis le deich ndíolúine agus scoláirí a tháinig ón iasacht nach Gaeilge nó Béarla acu ar rollú dóibh sa scoil is cúis le hocht

gcinn déag de dhíolúinte eile.  Tá beirt scoláire eile sa scoil a chaith tréimhse níos faide ná trí bliana as an tír a bhfuil díolúine acu ón nGaeilge chomh maith.  Tá roinnt scoláirí sa scoil a bhfuil díolúine ón nGaeilge acu ach a thugann faoi fhoghlaim na teanga agus tugann bainistíocht na scoile gach tacaíocht don chinneadh sin.

Déanann na múinteoirí Gaeilge i gColáiste Craobh Abhann iarrachtaí fónta próifíl a thabhairt don teanga lasmuigh de na ranganna.  Mar shampla, tuairiscíodh go ndéantar iarrachtaí ócáidí agus imeachtaí Gaelacha a eagrú sa scoil le linn Seachtain na Gaeilge.  Roghnaítear an Ghaeilge mar cheann de na teangacha a cheiliúrtar ar Lá na dTeangacha.  Moltar an obair atá ar siúl ag na múinteoirí i leith cur chun cinn na teanga sa scoil.  Is scoil réasúnta nua ar an bhfód í Coláiste Craobh Abhann agus moltar do na múinteoirí Gaeilge agus do bhainistíocht na scoile iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí breise ina bhféadfaí taithí a thabhairt do na scoláirí ar an nGaeilge mar theanga bheo.

Moltar mar shampla, go bhféachfaí ar na féidearthachtaí a bhainfeadh le club Gaeilge a thosú agus é a chlárú le Feachtas, óg-eagraíocht Ghaeilge, a thabharfadh fócas do chlub den chineál sin. Moltar freisin clár na n-imeachtaí le linn Seachtain na Gaeilge a fhorbairt agus a leathnú le linn na bliana go léir ionas go mbeadh clár imeachtaí ar fáil go leanúnach. Moltar freisin na féidearthachtaí a bhainfeadh le grúpa scoláirí, a mbeadh spéis acu ina leithéid, a chur isteach chuig cúrsa cumarsáide Ghael Linn atá dírithe go sonrach ar scoláirí na hIdirbhliana.

Níl traidisiún de scoláirí a bheith ag freastal ar chúrsa Gaeltachta nó Gaeilge sa samhradh bunaithe go fóill i gColáiste Craobh Abhann.  Tá tréan-iarrachtaí ar siúl ag bainistíocht na scoile agus ag na múinteoirí Gaeilge buntáistí na gcúrsaí samhraidh seo a mheabhrú do scoláirí agus dá dtuismitheoirí.  Moltar go gcuirfí tuismitheoirí agus scoláirí araon ar an eolas faoi na cúrsaí atá ar fáil go háitiúil agus na cúrsaí níos faide ó bhaile sna ceantair Ghaeltachta agus lasmuigh dóibh. Tá trí scoláireacht Ghaeltachta á gcur ar fáil go bliantúil ag Coiste Gairmoideachais Chill Mhantáin, rud atá an-chabhrach don bhainistíocht agus iad ag iarraidh an traidisiún seo a chothú i measc na scoláirí.

Tá a gcuid seomraí ranga féin ag na múinteoirí Gaeilge agus bhí sna seomraí maisithe ar bhealach tarraingteach spreagúil le póstaeir, cairteacha, obair na scoláirí agus ábhair eile bainteach le foghlaim na Gaeilge in airde ar na ballaí.  Moltar obair na múinteoirí ina leith seo.

Tá cúpla duine de na múinteoirí Gaeilge tar éis freastal ar chúrsaí inseirbhíse curtha ar fáil ag an tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal don Ghaeilge.  Moltar go rachadh na múinteoirí Gaeilge go léir chuig ceann de na cúrsaí ag amanta difriúla den bhliain.

**PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN**

Buaileann na múinteoirí Gaeilge le chéile mar ghrúpa uair sa téarma.  Coimeádtar miontuairiscí de na cruinnithe seo agus cuirtear ar fáil iad do bhainistíocht na scoile chomh maith.  Tuairiscíodh go mbíonn cruinnithe rialta neamhfhoirmeálta idir na múinteoirí Gaeilge freisin, nuair a bhíonn gá leis le linn na bliana.  Ainmnítear comhordaitheoir ar phleanáil do mhúineadh agus foghlaim an ábhair i measc na múinteoirí Gaeilge ar bhonn bliantúil.  Is deachleachtas é seo, toisc go dtugann sé deis do na múinteoirí go léir ról ceannródaíoch a ghlacadh i leith phleanáil don Ghaeilge agus i leith cur chun cinn na teanga sa scoil.  Tá cúraimí an chomhordaitheora sainmhínithe go beacht agus cuimsíonn siad freagrachtaí pleanála agus reáchtála, mar shampla, cruinnithe a ghairm, eolas a chur ar fáil do bhainistíocht na scoile agus do na múinteoirí Gaeilge, pleananna a bhailiú ó na múinteoirí agus athraithe a chur isteach ar phlean na Gaeilge ar bhonn bliantúil.

Cuireadh plean ar fáil ar lá na cigireachta do mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge sa scoil. Tugann an plean cur síos ar reáchtáil roinn na Gaeilge sa scoil lena n-áirítear i measc rudaí eile, sonraí ar dháileadh scoláirí ar ranganna, amchlárú an ábhair do na ranganna agus leibhéil difriúla agus deiseanna úsáid TFC. Tugann an plean cur síos ansin ar ábhair le clúdach leis na ranganna agus leibhéil éagsúla. Moltar an obair a rinneadh go dáta ar an bplean. Moltar, áfach, go gcuirfí níos mó sonraí sa phlean maidir le húsáid réimse níos leithne modheolaíochtaí le ranganna agus le leibhéil dhifriúla agus sonraí maidir le húsáid acmhainní agus áiseanna i múineadh na Gaeilge. Moltar go mbeadh iomlánú déanta freisin ar an gcuid den phlean a dhéanann tagairt d'úsáid TFC i múineadh na Gaeilge. Ba cheart go mbeadh an liosta áiseanna agus acmhainní atá ar fáil sa scoil do mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge mar chuid den phlean. Ar an mbonn seo, bheadh seans i bhfad níos mó ann go mbainfeadh múinteoirí úsáid rialta as réimse áiseanna agus ábhair sna ranganna Gaeilge.

Cuireadh plean ar fáil do mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge san Idirbhliain le linn na meastóireachta. Ba léir ón bplean sin go bhfuil iarracht ar siúl sa scoil an Ghaeilge a mhúineadh agus a chur i láthair scoláirí ar bhealach suimiúil le linn na bliana agus moltar an cur chuige sin go mór. Moltar, áfach, an plean don Idirbhliain a iomlánú agus a fhorbairt agus breis sonraí a chur isteach i leith fiontair thraschuraclaim agus chomhchuraclaim. Moltar go bhféachfaí ar chlár chomhchuraclaim don Ghaeilge a fhorbairt le linn na bliana sin. D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do ghrúpaí drámaíochta agus d'aíonna teacht chuig an scoil chun léiriú eile ar fhoghlaim na teanga a thabhairt do scoláirí. Moltar go gcuirfí níos mó sonraí sa phlean maidir le hobair thionscnaimh na scoláirí agus na modhanna measúnaithe. Bheadh sé tábhachtach ar ndóigh go mbeadh an obair thionsncaimh sin ar siúl trí Ghaeilge.

**TEAGASC AGUS FOGHLAIM**

Bhí úsáid na Gaeilge mar theanga bhainistíochta, mhúinte agus chaidrimh an-mhaith ar fad sna ranganna go léir a breathnaíodh. Treaslaítear a dtiomántas d'úsáid na sprioctheanga leis na múinteoirí Gaeilge. Breathnaíodh cúpla cheacht, áfach, inar baineadh an iomad úsáide as an aistriúchán díreach ó Ghaeilge go Béarla chun tuiscint na scoláirí ar ábhar an cheachta a chinntiú. Breathnaíodh an cleachtas i roinnt ranganna freisin inar aistríodh píosa oibre scríofa i nGaeilge go Béarla do na scoláirí ionas go mbeadh an leagan Gaeilge agus Béarla den phíosa oibre céanna le léamh taobh le taobh lena chéile. Ní deachleachtas é seo agus moltar go ndéanfaí é a sheachaint mar mhodh múinteoireachta. Bhí cúpla rang ann, áfach, inar ndearnadh an-iarracht úsáid an aistriúcháin a sheachaint ar fad trí réimse straitéisí agus moltar an cur chuige sin go mór. Moltar go bpléifeadh na múinteoirí roinnt seifteanna ina measc féin chun úsáid an aistriúcháin, nuair nach bhfuil gá leis, a sheachaint.

Rinneadh iarrachtaí fónta i bhformhór mór na ranganna deiseanna cumarsáide i nGaeilge a sholáthar do scoláirí trí úsáid obair bheirte agus obair ghrúpa. Is deachleachtas é seo agus moltar go ndéanfaí na stratéisí a leathnú chuig na ranganna go léir. Is den riachtanas é deiseanna cainte sa sprioctheanga a chur ar fáil do scoláirí go tráthrialta ionas go bhfaigheann siad seans an méid a fhoghlaimíonn siad sna ranganna a úsáid ar bhonn praiticiúil feidhmiúil. Rinne múinteoirí iarrachtaí leanúnacha i bhformhór na ranganna freagraí agus ceisteanna i nGaeilge a éileamh ó scoláirí agus is deachleachas é sin. Bhí sé deacair scoláirí a spreagadh chun cainte i gcúpla rang a breathnaíodh agus moltar do na múinteoirí straitéisí éagsúla a cheapadh agus a aontú chun dul i ngleic le scoláirí a bhfuil drogall orthu i leith foghlaim na Gaeilge.

Bhí fuinneamh iontach ag na múinteoirí sna ranganna agus rinneadh iarrachtaí maithe ábhar na gceachtanna a dhéanamh spéisiúil agus ábharach do na scoláirí. Baineadh úsáid fhónta as réimse

áiseanna sna ranganna chun cur le suim na scoláirí san ábhar agus chun ábhar na gceachtanna a chur i gcomhthéacs comhaimseartha dóibh.  Baineadh úsáid as an téacsleabhar mar áis sna ranganna agus ní mar an phríomhuirlis mhúinteoireachta.  Moltar na múinteoirí as a gcuid oibre ina leith seo.  Baineadh úsáid as VIFAX, clár Gaeilge idirghníomhach as Ollscoil Mhaigh Nuad i gcúpla rang a breathnaíodh.

Baineadh úsáid éifeachtach as teicneolaíocht faisnéise agus na cumarsáide (TFC) i roinnt ranganna eile, áit ar cuireadh sleamhnáin spreagúla le chéile do scoláirí ar ábhar an cheachta.  I gcás eile, tógadh na scoláirí chuig an teanglann atá sa scoil agus rinneadh ceacht gearr éisteachta ansin.  Moltar na cur chuigí éifeachtacha seo. Tá áiseanna teicneolaíochta den scoth ar fáil sa scoil agus cé go bhfuil úsáid fhónta á mbaint ag na múinteoirí Gaeilge astu, braitheadh go bhféadfaí breis tairbhe a bhaint astu, go háirithe i gcás na teanglainne.  Tá cúrsaí TFC á gcur ar fáil timpeall na tíre ar fad ag an tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal don Ghaeilge agus moltar do na múinteoirí Gaeilge iarracht a dhéanamh freastal ar cheann de na cúrsaí sin d'fhonn cur lena gcuid scileanna sa réimse múinteoireachta seo.

Bhí réimse ghníomhaíochtaí ar siúl sna ranganna go léir a breathnaíodh rud a chiallaigh go raibh na scoláirí gnóthach agus i mbun foghlama an t-am go léir.  Chuaigh na múinteoirí timpeall na seomraí ranga le linn na gceachtanna ag cinntiú go raibh scoláirí i mbun a gcuid oibre agus gur thuigeadar an méid a bhí le déanamh.  Baineadh úsáid as an ngreann chun scoláirí a ghríosadh chun oibre freisin i gcúpla cheacht a breathnaíodh agus d'éirigh go maith leis an seift sin.  Bhí na múinteoirí foighneach agus tuisceannach le scoláirí a raibh deacrachtaí acu le foghlaim na teanga. Múineadh píosaí gramadaí de réir mar a chuaigh ranganna ar aghaidh agus díríodh aird na scoláirí ar phointí gramadaí deacra.  Moltar, áfach, go n-iarrfaí ar scoláirí focail nó frasaí nuafhoghlamtha a chur in abairtí simplí ar an toirt d'fhonn a chinntiú go bhfuil tuiscint acu ar a mbrí agus ar a n-úsáid cheart sa Ghaeilge scríofa agus labhartha.  Moltar freisin an t-athrá a úsáid go rialta le cinntiú gur féidir le scoláirí focail a fhuaimniú agus a rá i gceart.

Cuireadh aidhmeanna agus spriocanna an cheachta in airde ar an gclár bán ag tús ceachta amháin agus moltar an cur chuige seo.  Cuireann sé cruth ar an bhfoghlaim do na scoláirí.  Cuireadh an obair bhaile don oíche sin in airde ar an gclár bán i gcúpla cheacht freisin agus tugadh am do na scoláirí an obair agus na treoracha a bhreacadh síos sna dialanna agus moltar é seo mar dheachleachtas.

**MEASÚNÚ**

Leagtar an-bhéim ar chúrsaí measúnaithe sa scoil i gcoitinne.  Déantar dul chun cinn scoláirí a mheas trí shraith scrúduithe ag an mbriseadh lár téarma, ag an Nollaig, sa samhradh agus faoi Cháisc.  Cuirtear tuairiscí chuig tuismitheoirí ag an Nollag agus sa samhradh.  Tá scrúduithe foirmeálta tí á n-eagrú sa scoil i mbliana don chéad uair agus moltar an cur chuige seo. Coimeádtar tuismitheoirí ar an eolas freisin faoi dhul chun cinn a bpáistí trí chruinnithe idir tuismitheoirí agus múinteoirí agus trí úsáid rialta na dialainne scoile.

Bhí go leor oibre déanta i bhformhór mór na gcóipleabhar a breathnaíodh.  Bhí éagsúlacht i gceist áfach, maidir leis na córais ceartúcháin a bhí in úsáid i ranganna éagsúla.  I gcásanna áirithe, ba léir gur caitheadh an-dua agus am suntasach leis na cóipleabhair a cheartú.  I gcásanna eile, bhí sé deacair na ceartúcháin a dhéanamh amach, agus baineadh úsáid as ticeanna díreach leis an obair a cheartú.  Bhí gá le ceartúchán níos cúraimí i gcásanna eile go háirithe mar a bhain sé le cruinneas na gramadaí.  Moltar do na múinteoirí Gaeilge an cheist seo a phlé agus córas comónta a aontú i leith ceartúcháin sna cóipleabhair.  Ba cheart go gcinnteofaí go mbeadh treoir ann don scoláire faoin dul chun cinn agus tagairtí d'fhiúntas na hoibre, i nGaeilge, do scoláirí ardleibhéil ach go

háirithe. Ba chóir do na múinteoirí Gaeilge córas measúnaithe struchtúrtha a aontú agus a chur i bhfeidhm a chabhródh le scoláirí foghlaim ó na botúin a dhéanann siad.

Bhí an líon scoláirí a thóg na páipéir ardleibhéil i scrúduithe Gaeilge an Teastais Shóisearaigh sásúil go leor sa bhliain 2009. Tháinig ardú ar an líon scoláirí ardleibhéil i 2009 thar na blianta roimhe sin agus moltar do bhainistíocht na scoile agus do na múinteoirí Gaeilge iarracht a dhéanamh na huimhreacha a choimeád ag an leibhéal sin sa todhchaí. Moltar do bhainistíocht na scoile agus do roinn na Gaeilge súil a choimeád ar na huimhreacha i mbun an ardleibhéil don Ardteistiméireacht Ghaeilge sna blianta amach romhainn. Ba cheart go gcabhródh tionscnaimh cosúil le freastal ar chúrsaí Gaeilge sa samhradh, clár eischuraclaim agus comhchuraclaim don Ghaeilge agus béim ar labhairt na Gaeilge sa scoil le spéis na scoláirí a spreagadh agus a chothú i bhfoghlaim na teanga.

Buaileann na múinteoirí sna hábhair éagsúla le chéile ag tús na bliana chun torthaí na scoláirí sna scrúduithe stáit a phlé. Déantar anailís ar na torthaí agus cuirtear i gcomparáid iad le meáin agus le pátrúin náisiúnta. Iarrann an príomhoide ar na múinteoirí bealaí a phlé ag na cruinnithe seo chun caighdeáin acadúla na scoláirí a ardú. Moltar an cur chuige seo agus an aird a thugtar ar dhul chun cinn na scoláirí.

### ACHOIMRE AR NA PRÍOMHCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ

Is iad seo na príomhláidreachtaí a aithníodh le linn na cigireachta:

- Moltar na hiarrachtaí a dhéantar Seachtain na Gaeilge a cheiliúradh sa scoil trí réimse ghníomhaíochtaí agus ócáidí a eagrú chun taithí a thabhairt do scoláirí ar an nGaeilge mar theanga bheo.
- Moltar an obair a rinneadh go dáta ar chúrsaí pleanála do mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge.
- Bhí úsáid na Gaeilge mar theanga bhainistíochta, chaidrimh agus mhúinte an-mhaith sna ranganna go léir a breathnaíodh.
- Rinneadh iarrachtaí maithe deiseanna cumarsáide trí Ghaeilge a chur ar fáil do scoláirí sna ranganna trí úsáid obair bheirte agus obair ghrúpa.
- Moltar iarrachtaí na múinteoirí i leith ábhar na gceachtanna a dhéanamh spéisiúil agus ábharach do scoláirí trí úsáid réimse ghníomhaíochtaí agus réimse áiseanna, TFC ina measc.
- Moltar an bhéim a leagtar sa scoil ar chúrsaí measúnaithe agus ar an mbealach a dhéantar anailís ar thorthaí scrúduithe agus ar dhul chun cinn na scoláirí.

Déantar na mórmholtaí seo a leanas ar mhaithe le cur leis na buanna seo agus le réimsí forbartha a aithint:

- Moltar do bhainistíocht na scoile athbhreithniú a dhéanamh, más féidir, ar líon na dtréimhsí Gaeilge a chuirtear ar fáil sa tseachtain don Idirbhliain.
- Moltar do na múinteoirí Gaeilge agus do bhainistíocht na scoile féachaint ar bhealaí nuálacha cruthaitheacha inar féidir an Ghaeilge a chur i láthair na scoláirí mar theanga bheo.
- Moltar go ndéanfaí roinnt forbartha ar an bplean don Ghaeilge, ag díriú ach go háirithe ar an bplean don Idirbhliain, úsáid TFC sna ranganna agus úsáid réimse leathan áiseanna chun foghlaim na Gaeilge a dhéanamh níos spéisiúla do scoláirí.

- Moltar go n-aontófaí córas ceartúcháin éifeachtach don Ghaeilge a chinnteodh go bhfoghlaimeodh scoláirí óna gcuid botún ar bhonn leanúnach.

Eagraíodh cruinnithe iarmheastóireachta leis an bpríomhoide agus leis an bpríomhoide tánaisteach ag deireadh na meastóireachta mar ar cuireadh i láthair agus ar pléadh na dréacht-chinntí agus moltaí.

*Foilsíthe Marta 2011*

# Aguisín

## Freagra na scoile ar an tuairisc

# Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

**Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile**

The Board of Management at Coláiste Chraobh Abhann is very satisfied with the report on the Quality of Learning and Teaching in Irish at the school issued by the Department of Education and Skills Inspectorate as a result of a subject inspection held on 26th November 2009.

In particular, the Board acknowledges the very positive comments and commendations recorded by the Inspector in relation to the quality of teaching and learning of Irish at Coláiste Chraobh Abhann. The Irish Department members feel encouraged and valued by the very definite strengths which were identified and commended or highly commended by the Inspector in the report.

All relevant education partners have had an opportunity to discuss and evaluate this report. A full and thorough review of the recommendations has taken place and a progressive course of action has commenced. The Irish Department is and will continue to be core to the implementation of this plan.

Having completed the consultation process, the Board of management would like the following observations and comments noted regarding the recommendations made by the Inspector:

- The current provision of Irish on the Transition Year Programme is three periods. It was recommended by the Inspector that this provision be increased. After consultation with the TY Core Team and the Irish Department, it was decided to keep this current provision intact until a full review of the overall school curriculum is held. This review is due in the next round of School Development Planning which commences in 2012. It was felt that an increase in periods in any of the core subjects on offer in TY would lead to a diminishment of the comprehensive range of activities, subjects and modules currently on offer on the programme. This would, in turn, be counter-productive in terms of achieving one of the overall aims and objectives of the transition Year Programme.

- It was noted in the report that some of the Irish Department members had attended in-service courses provided by the SLSS. A recommendation was made 'that all Irish teachers avail of the opportunity to attend one of these courses at different times in the year'. However, the Board requests it be noted that all Irish teachers have attended the complete set of in-service course provided by the SLSS and the PDST in their subject area to date.

**Réimse 2: Gníómhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur I bhfeidhm**

The school has reviewed the recommendations for development and will act to progress and further improve the quality of learning and teaching Irish. Some actions have already been planned or undertaken and these are outlined below:

- The Irish Department and school management have further developed its policy regarding the promotion of Gaeltacht visits for students. As part of this policy, all parents and students will receive an information letter and brochures regarding the Gaeltacht. Gael Linn has visited Irish classes to speak to students regarding the benefits of attending the Gaeltacht. This visit will take place on an annual basis.

- The Irish Department will continue to develop the Irish subject plan with a particular emphasis on resources, ICT and the promotion of Irish as a living language and culture.

- Irish teachers will collaborate and review their individual correction systems in the interest of developing a uniform correction system across the Department which will ensure that students learn from their errors on a progressive basis.

Finally the school would like to thank the visiting Inspector for her positive feedback during the inspection period. Teachers found the process and the resultant report to be an acknowledgement of their enthusiasm, commitment and dedication to the learning and teaching of Irish at Coláiste Chraobh Abhann.